

Máistir Gairmiúil san Oideachas (Bunmhúinteoireacht)

Riachtanais Iontrála agus Nósanna Imeachta do 2017

1. Clár iarchéime oideachais mhúinteora é seo do mhúinteoireacht bhunscoile (2017 – 2019) do dhaoine a bhfuil Céim Bhaitisiléir le hOnóracha ag Leibhéal 8 acu nó dóibh siúd atá ag súil go mbeidh éirithe leo insna scrúduithe deiridh roimh ar an Aoine, 1^ú Iúil 2017.

Clár lánaimseartha é seo a gcuirfear tús leis i mí Mheán Fómhair 2017 agus a chríochnófar i samhradh na bliana 2019 agus seachadfar é insna hInstitiúidí Ardoideachais.

- Institiúid Oideachais OCBÁC, Campas Choláiste Phádraig OCBÁC, Droim Conrach, Baile Átha Cliath 9. (courseinfo@dcu.ie), Teileafón: (01) 884 2212.
- Coláiste Mhuire gan Smál, An Cuarbhóthar Theas, Luimneach , (admissions@mic.ul.ie), Teileafón: 061 204348
- Roinn an Bhunoideachais agus Oideachas na Luath-óige Froebel, Ollscoil na hÉireann Má Nuad, Má Nuad, Co. Chill Dara , (froebel.department@nuim.ie), Teileafón: (01) 4747400
- Institiúid Oideachais Marino, Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9 , (admissions@mie.ie), Teileafón: (01) 8057700

Beidh líon teoranta ionad le fáil ar na cláir seo agus roghnófar iarratasóirí do na cláir trí chomórtas. Bíodh a fhios ag iarratasóirí go mb'fhéidir go mbeadh gearrliostú i bhfeidhm. Féadfaidh an Chomhairle Mhúinteoireachta daoine a n-éiríonn leo sa chlár seo a chlárú faoi Bealach 1 (Bunoideachas) agus beidh siad intofa chun a gceaptha i Scoileanna Náisiúnta na hÉireann.

2. Nós Imeachta Iarratais

Is ceart iarratais chuig **Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach** a chasadh ar ais go díreach chuig an Oifig Iontrála sa Choláiste ag an seoladh thuas. Tá ábhar iarratais ar fáil ar shuíomh gréasáin na gColáistí - www.mic.ul.ie.

Le hiarratais a dhéanamh chuig **Institiúid Oideachais Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath** ba chóir na hiarratais a dhéanamh tríd an Ionad Iarratas Iarchéime www.pac.ie/dcu. (Cód cúrsa DC970). Ní mór na doiciméid tacaíochta a chur isteach trí Pac.ie faoin 5pm ar an Aoine 10ú Márta 2017.

Le hiarratais a dhéanamh chuig **Roinn an Bhunoideachais agus Oideachas na Luath-óige Froebel, Ollscoil na hÉireann Má Nuad** agus **Institiúid Oideachais Marino** ba chóir na hiarratais a dhéanamh tríd maestro.mie.ie/appcentre.

Is ceart d'iarratasóirí an nós imeachta roghnúcháin atá mionsonraithe in alt 4 thíos a thabhairt faoi deara chomh maith. Is é an spriocdháta d'fhoirmeacha iarratais chomhlánaithe a fháil ná 5pm ar an Aoine, 10ú Márta, 2017.

3. Coinníollacha Intofachta

Ní mór d'iarratasóirí na cáilíochtaí acadúla seo a leanas a bheith acu:

(a) **Céim Bhaitisiléara le hOnóracha 2.2 ar a laghad¹** (Mórdhámhachtain ag Leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí) **nó** mórdhámhachtain ag Leibhéal 9 nó mórdhámhachtain ag Leibhéal 10 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí, **agus**

(b) ceann amháin de na teaglaim seo a leanas de cháilíochtaí dara leibhéal:

(i) sa Scrúdú Ardteistiméireachta²

Ábhar	Gaeilge	Matamaitic	Béarla
Íosghrád (Scéim nua 2017)	A5	A6 nó G6	G5 nó A6
% den Mharc	50% - 59%	40%-49%	50% - 59% nó 40%-49%

A – Ardleibhéal

G – Gnáthleibhéal

Na gráid agus % marcanna sa scéim grádaithe 1992-2016 agus 2017 scéim grádaithe nua leagtha amach in Aguisín 1

(ii) i Scrúduithe A-Leibhéal sa GCSE agus sa GCE i dTuaisceart Éireann: Grád C sa Ghaeilge ag an A-Leibhéal sa GCE; Grád C ag Leibhéal an GCSE sa Bhéarla agus i Litríocht an Bhéarla araon nó Grád B ag Leibhéal an GCSE i gceachtar acu; agus Grád D ag Leibhéal an GCSE sa Mhatamaitic Bhreise nó Grád C ag Leibhéal an GCSE sa Mhatamaitic.

Ní mór d'iarratasóirí fianaise a chur ar fáil don Institiúid Ardoideachais go bhfuil an chéim atá aige/aici liostaithe mar mhórdhámhachtain ag an leibhéal cuí ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí. **Ní mór d'iarratasóirí na riachtanais iontrála go léir a chomhlíonadh faoin Aoine, 1^ú Iúil, 2017 agus fianaise dhoiciméadach a chur ar fáil gur chomhlíon siad na riachtanais seo.**

Cáilíochtaí malartacha in ionad cáilíochtaí dara leibhéal i gcás na Gaeilge, an Bhéarla agus na Matamaitice

Glacfar le Pas i Scrúdú Ollscoile *Céad Dána* sa Ghaeilge, sa Bhéarla nó sa Mhatamaitic in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE don ábhar a bhaineann.

¹ Nótáil le do thoil gur áiríodh fógra faoin riachtanas seo (Céim Bhaitisiléara le hOnóracha 2.2) atá ag teacht i bhfeidhm in 2016 sna Riachtanais Iontrála don MGO 2014 agus sna Riachtanais Iontrála don MGO 2015.

² Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn Oideachais agus Scileanna ar an staid iomlán maidir leis na híosriachtanais iontrála ó 2018 ar aghaidh.

I gcás na Gaeilge glactar chomh maith le Grád C sa Scrúdú Máithreánach (a bhí ar an bhfód anuas go dtí 1992) in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCE/GCSE. Ina theannta sin, glactar leis go sásaíonn na cáilíochtaí seo a leanas an riachtanas Ardteistiméireachta/GCE/GCSE:

- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal C1, OÉ Gaillimh
- Dioplóma sa Ghaeilge, Leibhéal B2, OÉ Gaillimh
- Dioplóma sa Ghaeilge, Ollscoil na hÉireann Má Nuad
- Teastas Eorpach na Gaeilge (TEG) ag Leibhéal B2, Ollscoil na hÉireann Má Nuad
- Dioplóma san Ealaíon (Ghaeilge Fheidhmeach) ón Ollscoil Náisiúnta Corcaí
- Dioplóma sa Ghaeilge Fheidhmeach, Ollscoil Náisiúnta BAC
- Dioplóma sa Ghaeilge (An Ghaeilge sa Saol Comhaimseartha), Ollscoil Luimnigh
- Dioplóma sa Ghaeilge, Ollscoil Uladh

I gcás na Matamaitice, glactar chomh maith le Pas san ábhar sin sa Scrúdú Máithreánach in ionad an riachtanais Ardteistiméireachta/GCSE.

4. An Próiseas Roghnúcháin

Beidh ar iarratasóirí intofa dul faoi Agallamh agus Béaltriall Ghaeilge. Brisfead as an gcomórtas iarratasóirí a fhaigheann grád “teip” san Agallamh nó sa Bhéaltriall Ghaeilge, ceachtar acu. Is é is aidhm leis an **Agallamh** ná oiriúnacht an iarratasóra a mheas do rannpháirtíocht i gclár oideachais bhunmhúinteora.

Is éard a bheas sa **Béaltriall Ghaeilge** ná:-

- comhrá faoi thopaicí laethúla agus faoi leabhair a bheas léite ag an iarratasóir; **agus**
- slíocht oiriúnach próis nó filíochta a léamh go cruinn agus go héirimíúil agus an t-ábhar a bheas léite a mhíniú.

Is ceart d’iarratasóirí a nótáil go n-éilítear ardchaighdeán líofachta sa Bhéaltriall Ghaeilge agus ullmhúchán a dhéanamh don scrúdú dá réir sin.

Cuirfidh an Institiúid Ardoideachais in iúl d’iarratasóirí dáta, am, ionad, etc, an Agallamh agus na Béaltriallach Gaeilge acu agus ní mór dóibh freastal ar na scrúduithe seo ar a gcostas féin. Beidh an suíomh a mBaile Átha Cliath agus / nó Maigh Nuad agus / nó Luimneach.

5. Eolas Ginearálta

Socrúchán Gaeltachta

Freastal agus Costas: Ní mór do gach mac léinn a ghnóthaíonn cead iontrála ar an gclár freastal ar dhá shocrúchán chónaitheacha sa Ghaeltacht. Mairfidh gach socrúchán díobh ar feadh dhá sheachtaine. Is cóir a nótáil gur cuid **éigeantach** den chúrsa é seo. Ní ghlanfaidh an Roinn Oideachais & Scileanna costas an chúrsa éigeantaigh seo.

Deontais do Mhic Léinn:

Mar thoradh ar athrú i mBuiséad 2017, tugadh ar ais an deontas cothabhála do mhic léinn iarchéime a chomhlíonann na coinníollacha cáilitheacha don ráta speisialta deontais. Beidh a leithéid de mhic léinn i dteideal ráta speisialta de dheontas cothabhála a fháil ó 2017/18 agus a dtáillí teagaisc iarchéime suas go dtí uasteorainn táillí de €6,270 a bheith íoctha faoi Scéim Deontas na Mac Léinn.

D'fhéadfadh mic léinn iarchéime eile nach gcomhlíonann na coinníollacha cáilitheacha don ráta speisialta deontais, a bheith i dteideal ranníocaíocht de €2,000 a fháil íoctha i leith costais a dtáillí. Is é €31,500 an tairseach ioncaim don íocaíocht seo don bhliain acadúil 2016/17, agus méadú ag teacht air sin de réir líon na ndaoine cleithiúnacha sa teaghlach.

Iarrtar ar mhic léinn iarratas ar dheontas atá comhlánaithe go hiomlán a chur isteach chuig SUSI ionas gur féidir measúnú a dhéanamh ar a gcáilitheacht do chúnamh deontais. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin SUSI ar www.susi.ie.

Feidhmiúlacht chun Cleachtadh:

1. *Grinnfhiosrúchán an Gharda*: Sular féidir le hInstitiúid Ardoideachais clárúchán mic léinn a chur i gcrích; éilíonn na hInstitiúidí ar gach mac léinn nua atá ag gabháil d'oideachas múinteora dul faoi phróiseas grinnfhiosrúcháin an Gharda d'fhonn a fháil amach an bhfuil aon chiontú acu nó cúiseamh coiriúil ar feitheamh. Áit a ndearbhaíonn an próiseas seo go bhfuil a leithéid ann, cuirtear an cheist faoi bhráid Choiste Grinnfhiosrúcháin laistigh den Institiúid Ardoideachais a chinneann an féidir leis an mac léinn leanúint lena c(h)lár staidéir.

2. Riachtanais Leighis: Éilítear ar na mic léinn uile atá ag gabháil d'oideachas múinteora don chéad uair Foirm Fhaisnéise faoi Stádas Sláinte a chomhlánú, a thugann le fios an bhfuil tinneas nó míchumas leanúnach suntasach ar bith acu a fhéadfadh cur isteach ar a gcumas le riachtanais an chúrsa a shásamh, Socrúchán Scoile san áireamh. Déanfar iontrálaithe a luann cúinsí sláinte, míchumais nó staideanna síceolaíochta a mheasúnú ar bhonn aonair chun a mheas an mbeadh an cumas acu riachtanais an chláir a shásamh le cabhair garaíochtaí réasúnta. Ní dhéanfar daoine aonair a fhágáil as an áireamh toisc go bhfuil riocht nó míchumas ar leith acu má mheastar gur dócha go mbeadh sé indéanta don duine sin riachtanais an chúrsa a shásamh le cabhair garaíochtaí réasúnta. Tabharfaidh na hInstitiúidí Ardoideachais comhairle do mhic léinn maidir leis an nós imeachta atá le cleachtadh ina leith seo.

Ní ceadaíte do rannpháirtithe sa chlár oideachais mhúinteora seo gabháil le gnó ná le clár ar bith eile staidéir i gcaitheamh an chláir gan chead a bheith faighte acu roimh ré ó Uachtarán/Cheannaire Roinne na hInstitiúide Ardoideachais.

Tá tuilleadh eolais faoin gclár ar fáil ón Institiúid Ardoideachais is rogha leis an iarratasóir.

Aguisín 1

Scrúdú na hArdteistiméireachta

Scéim Grádaithe - 1992-2016 Scéim agus Scéim nua 2017

1992 – 2016 Scéim	% den Mharc	Scéim Nua 2017	% den Mharc
A1	90-100	A1 / G1	90-100
A2	85<90	A2 / G2	80<90
B1	80<85		
B2	75<80	A3 / G3	70<80
B3	70<75		
C1	65<70	A4 / G4	60<70
C2	60<65		
C3	55<60	A5 / G5	50<60
D1	50<55		
D2	45<50	A6 / G6	40<50
D3	40<45		
E	25<40	A7/G7	30<40
F	10<25	A8/G8	0<30

A – Ardleibhéal

G – Gnáthleibhéal